2026/1076

18.5.2026

CINNEADH (AE) 2026/1076 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Bealtaine 2026

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/1477 [2] ón gComhairle, an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ('an Comhaontú'), síníodh é thar ceann an Aontais an 17 Deireadh Fómhair 2024, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú foráil a dhéanamh maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú i bhfoirm Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach a fhormeas thar ceann an Aontais [3].

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear sa Chomhaontú [4].

[1] Toiliú an 26 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Cinneadh (AE) 2023/1477 ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 182, 19.7.2023, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1477/oj).
[3] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/1077, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/1077/oj.
[4] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. KERAVNOS